

Polasaí Clárúcháin
Gaelscoil na Camóige agus Gaelscoil Chluain Dolcáin

EOLAS GINEARÁLTA

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile de réir choinníollacha an Achta Oideachais 1998. Dar leis an mbord bainistíochta is cabhair í seo do thuismitheoirí agus iad ag clárú a bpáistí ar scoil. Bheadh an Cathaoirleach, Barra Ó Caoinleáin, agus an Príomhoide, Caoimhe de Búrca, lán-sásta soiléiriú ar bith a bheadh ag teastáil a thabhairt, soiléiriú ar bith a eascródh as an bpolasaí seo.

Ainm na Scoile: Gaelscoil na Camóige

Seoladh na Scoile: Bóthar an Ulloird, Cluain Doláin, BÁC 22

Uimhir Rolla: 19991A

Seoladh ríomhphost: gncamoige@gmail.com

Uimhir na Scoile: 01-4576878

Pátrún na Scoile: An tArdeaspag Diarmuid Ó Máirtín

Éiteas na Scoile: Is scoil Chaitliceach Rómhánach í Gaelscoil na Camóige atá ag iarraidh forbairt iomlán agus chomhchuí phearsantacht an dalta a chur chun cinn: intleachtúil, fisiciúil, cultúrtha, morálta agus spioradálta, caidreamh beo le Dia agus le daoine eile san áireamh. Cuireann an scoil chun cinn agus léiríonn an scoil leis fealsúnacht shaoil spreagtha ag creideamh i nDia agus i saol, bás agus aiséirí Íosa Críost. Cuireann Gaelscoil na Camóige teagasc reiligiúnach ar fáil dá ndaltaí de réir fhoirceadail, chleachtaí agus thraidisiún na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus cuireann chun cinn bunú na ndaltaí sa Chreideamh Caitliceach.

Ainmneacha: Toisc gur scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil na Camóige déantar sloinne gach páiste a aistriú go Gaeilge agus is é sin an t-ainm a úsáidfear i gcónaí ar scoil. Is féidir leis na thuismitheoirí rogha a ghlacadh maidir le cén leagan de chéadainm a bpáiste féin ar mian leo a úsáid.

Bunscoil Lán-Ghaeilge is ea Gaelscoil na Camóige, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, atá faoi phátrúnacht an Ard-Easpaig, an Cairdinéal Máirtín. Tá aon mhúinteoir déag sa scoil, an Príomhoide san áireamh. Múinteoir ranga le haghaidh gach ranga, Rang na Naíonán Beag go dtí Rang a Sé, 2 Mhúinteoir Acmhainne agus Tacaíochta Foghlama, beirt Chúntóirí Riachtanais Speisialta, Rúnaí, glantóir agus airíoch.

Braitheann an scoil ar dheontais agus pá mhúinteoirí a thagann ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus feidhmíonn an scoil faoi na coinníollacha a leagan an Roinn síos ó am go ham. Caithfidh an polasaí scoile na hachmhainní agus an soláthar a chuireann an Roinn ar fáil a thógáil san áireamh.

Leanann an scoil na cláracha curaclaim atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar féidir iad a leasú ó am go chéile de réir Altanna a 9 agus a 30 den Acht Oideachais (1998).

I gcomhthéacs choinníollacha agus chláiracha na Roinne, chearta an Phátrúin mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, agus an soláthair agus na hacmhainní atá ar fáil, tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo a leanas:

An Chuimsitheacht a bheith ag tagairt do pháistí a bhfuil riachtanais fhisiciúla orthu nó aon riachtanas oideachasúil faoi leith orthu, go háirithe.

An Comhionannas agus páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile.

Rogha tuismitheora i dtaobh rollaithe.

Meas ar an éagsúlacht luachanna, creidimh, teangacha agus slite beatha sa tsochaí.

Réamhrá

Tá sé tábhachtach go dtugann gach teaghlach tacaíocht don teanga agus do chultúr na scoile.

D'ainneoin sin, seo é Polasaí Rollaithe na Scoile:

An Próiseas Rollaithe

Caithfidh tuismitheoirí ar mian leo a bpáistí a chlárú sa scoil teacht go dtí an scoil agus Foirm Iarratais a líonadh i Mí Eanáir na bliana ar mian leo go dtosóidh a bpáiste ar scoil (tosaíonn na naíonáin Mí Mheán Fómhair). Caithfear Teastas Breithe an pháiste, chomh maith le dhá shaghas cruthúnais den seoladh baile a chur leis an bhfoirm iarratais. Tá sampla den bhfoirm iarratais ag dul leis an bpolasaí seo.

Más ea gur fhreastal an páiste ar Naíonra beidh Litir Daingnithe Tinrimh ag teastáil ón Naíonra.

Seolfar Litreacha Cinnidh do thuismitheoirí i Mí Feabhra. Caithfear an litir a shíniú agus é a sheoladh ar ais taobh istigh de 10 lá oibre ón am go bhfaigheann tú an litir ón scoil.

Déanann Bord Bainistíochta na Scoile athbhreithniú ar an bpolasaí rollaithe go bliantúil agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile.

Cúrsaí Polasaí

Glactar cinneadh maidir le rollú bunaithe ar an bpolasaí rollaithe agus air sin amháin. Nuair is féidir, agus an polasaí rollaithe á chur san áireamh, má tá spás ar fáil, tabharfar áit don pháiste sin. Cé go b'fhearr leis an mBord uasmhéid tríocha páiste in aghaidh an ranga ag an scoil, le fás na scoile agus muid ag dul i dtreo an Campus Nua, in amanta, d'fhéadfadh leis an mBord Bainistíocht machnamh a dhéanamh faoi dul thar an uimhir seo. Tá cead ag tuismitheoirí, faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, achomharc a dhéanamh mura n-éiríonn lena bpáiste siúd áit a fháil sa scoil.

Próiseas Roghnúcháin Rollaithe:

Tá comhaontú idir Gaelscoil na Camóige agus Gaelscoil Chluain Dolcáin go mbeidh páiste ceithre bliana trí mhí d'aois nó níos sine ar nó roimh an 31 Lúnasa amháin chun go machnófar an t-iarratasóir don rollú scoilbhliana sin.

Má tá líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá ar fáil in aon rang, roimh thús nó i rith na scoilbhliana, agus gan an Bord Bainistíochta a bheith ábalta freastal go hoiriúnach ar an iarratasóir, nó an fhoireann mhúinteoireachta atá ag teastáil a fhostú, úsáidfear an chritéir seo a leanas thíosluaite chun áit a thabhairt d'iarratasóirí. San ord seo a leanas a dhéanfar tosaíocht iarratasóra a thabhairt:

Nótaí:

- a. Tabharfar tús áite do pháistí de réir chritéir Rannóg 1 agus ansin de réir chritéir Rannóga 2, 3, 4, 5, 6, 7 (san ord sin).
- b. Tabharfar tús áite don pháiste is sine i ngach rannóg chun cinneadh a ghlacadh maidir le hord roghnúcháin na bpáistí.

Rannóg 1 - Páistí a bhfuil deartháir nó deirfiúr sa scoil acu.

Rannóg 2 - Páistí a raibh deartháir nó deirfiúr sa scoil acu.

Rannóg 3 - Páistí de chuid fhoireann reatha Ghaelscoil na Camóige (múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta amháin).

Rannóg 4 – Páistí ó Bh.Á.C. 22 a d'fhreastal, go rialta ar feadh bliana ar a laghad, ar Naíonra atá aitheanta.

Rannóg 5 – Páistí ó Bh.Á.C. 22 nár fhreastal ar Naíonra.

Rannóg 6 – Páistí nach bhfuil cónaí orthu i mB.Á.C. 22 a d'fhreastal ar Naíonra.

Rannóg 6 - Páistí nach bhfuil cónaí orthu i mB.Á.C. 22 nár fhreastal ar Naíonra.

Dóibh siúd nach bhfaigheann áit de réir na critéir thíos luaite - cruthófar liosta feithimh agus rachfar i dteagmhál leo chun é seo a mhíniú.

Agus cinneadh á ghlacadh ar rollú, leanann an Bord Bainistíochta na treoirlínte atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le méid ranga / líon múinteoirí / méid seomra ranga / sláinte agus folláine an pháiste.

Níl sé éigeantach páiste a sheoladh ar scoil go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois. I gcásanna áirithe, is féidir leis an mBord Bainistíochta glacadh le páiste i rith na scoilbhliana, agus na coinníolacha thuas á gcur san áireamh.

Aistriú Daltaí:

Déanfar páistí ar mian leo aistriú ó scoileanna eile go dtí an scoil seo a rollú faoi réir ár bpolasaí rollaithe. Ní féidir glacadh le páiste ó scoil lán-Bhéarla ach amháin idir na Rang na Naíonán Beag agus Rang a hAon. Ní féidir glacadh le páistí i ranganna níos sine ná sin toisc na deacrachtaí teanga a bheadh i gceist ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus ach amháin sa chás go mbíonn spás sa rang cuí.

An Cód Iompair:

Caithfear Cód Iompair na scoile a léamh i gcomhar leis an bpolasaí seo agus caithfidh iarratasóir ar bith a bheith sásta cloí leis an gCód.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 5 Deireadh Fómhair, 2015.

Sínithe ag _____, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Dáta: _____

GENERAL INFORMATION

Introduction

The Board of Management of Gaelscoil na Camóige hereby sets out its Enrolment and Admission Policy in accordance with the provisions of the Education Act 1998 and the Board trusts that by so doing, parents will be assisted in relation to enrolment matters.

The Chairperson of the Board of Management, Barra Ó Caoinleáin or the Principal Teacher, Caoimhe de Búrca will be happy to clarify any matters arising from this policy.

Name of School: Gaelscoil na Camóige

Address of School: Bóthar an Ulloird, Cluain Doláin, BÁC 22

School roll No: 19991A

School email address: gncamoige@gmail.com

School Phone No. 4576878

School Patron: Archbishop Diarmuid Ó Máirtín

School Ethos: Gaelscoil na Camóige is a Roman Catholic school which aims to promote the full and harmonious development of all aspects of the person of the pupil: intellectual, physical, cultural, moral and spiritual, including a living relationship with God and with other people. The school models and promotes a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus Christ. Gaelscoil na Camóige provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practices and tradition of the Roman Catholic Church and promotes the formation of the pupils in the Catholic Faith.

Names As Gaelscoil na Camóige is an Irish language school every child's surname is translated to Irish and this is the name used at all times at school. The parents may decide which language version of the child's first name

Gaelscoil na Camóige, is an All-Irish primary school under the patronage of Arch Bishop, Diarmaid Martin. There are twelve teachers in the school, including the Principal. This comprises of a class teacher, from Junior Infants to Sixth Class, three Resource and Learning Support teachers, and two full time Special Needs Assistants, a school secretary and cleaners and caretaker.

The school depends on the grants and teacher resources provided by the Department of Education and Science and it operates within the regulations laid down, from time to time, by the Department. The school Policy has regard to the resources and funding available.

The school follows the curriculum programme as set out by the Department of Education and Science that is revised from time to time according to Sections 9 and 30 of the Education Act (1998).

In the context of conditions and programmes set out by the Department of Education, rights of the patron, as laid out in the Education Act, and the provisions and materials that are available, the school complies with the following principles:

Inclusiveness, particularly in relation to children with any physical or special educational needs.

Equality, and inclusion in the school activities.

Choice of the parent in relation to enrollment.

Respect for the diversity of values, beliefs, languages and ways of life in society.

Introduction

It is the expressed wish of the school that every family attending will embrace the language and culture of the school.

Notwithstanding this, below is the Enrolment Process

THE ENROLMENT PROCESS

Parents who wish to enroll their children in the school are required to complete and return the standard application form, the January of the year they wish to enroll their child (the children start in September). A copy of the child's Birth Certificate and two forms of proof of address must be submitted with the application form. A copy of the standard Application Form is attached to this policy. If the child has attended a Naíonra a Confirmation Letter of Attendance must be provided from the Naíonra.

Decision Letters will be sent out to parents during the month of February.

The letter of offer must be signed and returned to the school within 10 working days of receipt of letter from school.

The Enrolment Policy is reviewed yearly by the Board of Management and is available to view on the school website.

POLICY CONSIDERATIONS

Enrolment is determined solely on the basis of the the enrolment policy. Wherever possible, taking the enrolment policy into consideration, if there are places available for all applicants, a place will be offered to him/her. While the Board of Management favours a maximum of 30 children per class, there may be scenarios and occasions, particularly in the period ahead as the school moves towards a 16 classroom building on a new campus and overall pupil numbers grow to match the greater number of overall places available, that going above this will be considered

Section 29 of the 1998 Education Act provides parents with the right to appeal if their child has been refused a place in the school.

Enrolment Selection Process:

It has been agreed with Gaelscoil Chluain Dolcáin that children should be four years and three months or older on or before the 31st August, of the enrolment year, to be considered.

In the event of the number of children seeking enrolment in any given class/standard exceeding the number of places available, before the start of, or during the school year, and the B.O.M being unable to provide suitable accommodation, or recruit the required teaching staff, the following criteria will be used to prioritise children for enrolment in the following order:

Notes:

- a. Priority will be given to children qualified under section 1, followed by those qualified under section 2,3,4,5, 6 and 7 in that order.
- b. In deciding on the order of children qualified under each Section-
 - Priority will be given to the oldest child qualified under each Section.

Section 1. Children with a brother or sister attending the school.

Section 2. Children with a brother or sister who attended the school.

Section 3. Children of permanent staff currently working in Gaelscoil na Camóige (teachers and Special Needs Assistant's only.

Section 4. Children that reside in Dublin 22 who have attended a recognised Naíonra regularly for at least a year (All-Irish Pre-School)

Section 5. Children that reside in Dublin 22 that have not attended a Naíonra,

Section 6. Children that don't reside in Dublin 22 that have attended a Naíonra,

Section 7. Children that don't reside in Dublin 22 who have not attended a Naíonra

A Waiting list will be created for those applicants unsuccessful in securing a place in the school and this will be explained in the Decision Letter.

When making decisions on enrolment, the Board of Management follows the guidelines set out by the Department of Education and Science in relation to class size/ numbers of teachers/classroom size/health and the well-being of the children.

It is not compulsory to send children to school until they are six years of age.

In certain cases, the Board of Management can accept children during the school year, taking the above conditions into consideration.

Transfer of pupils:

Pupils wishing to transfer from other schools are enrolled subject to our enrollment policy. A child can only be accepted from an English-speaking school from Junior Infants - 1st Class. Older classes cannot be accepted due to the language difficulties except in exceptional circumstances and only if there is space in the relevant class.

Code of Behaviour:

The school's Code of Behaviour should be read in conjunction with this policy and any applicant must be prepared to comply with that Code.

This policy was reviewed on October 5th, 2015.

Signed by _____, Chairperson of the Board of Management.

Date: _____